Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13563/22**

**PECHE 398**
**DELACT 183**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 7280 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.10.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha chun foghabhálacha trosc i Muir Bhailt a laghdú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7280 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 7280 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.10.2022
C(2022) 7280 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.10.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha chun foghabhálacha trosc i Muir Bhailt a laghdú**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2019/1241[1] bunaítear creat na mbeart teicniúil lenar cheart rannchuidiú le spriocanna CBI a bhaint amach, mar atá, iascaireacht a dhéanamh ar leibhéil uastáirgeachta inbhuanaithe, gabhálacha de thaisme a laghdú agus deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha, agus rannchuidiú leis an dea-stádas comhshaoil a bhaint amach a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis na bearta teicniúla sin, ba cheart cur leis an gcosaint a thugtar d'éisc óga agus do chomhbhailiúcháin d'éisc sceite de speicis mhuirí trí threalamh roghnaíoch a úsáid. Le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo, bunaítear bearta teicniúla réigiúnacha le haghaidh Mhuir Bhailt.

I gcás inar tugadh cumhachtaí don Choimisiún bearta a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, foráiltear le hAirteagal 18 den Bhunrialachán go bhféadfaidh na Ballstáit sin a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a chur isteach lena ndíreofar ar chuspóirí na mbeart caomhnaithe ábhartha, na bpleananna ilbhliantúla nó na bpleananna sonracha aschuir de chuid an Aontais a bhaint amach.

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[3] chun na bearta teicniúla a leagtar amach sna hIarscríbhinní a leasú, a fhorlíonadh nó a aisghairm nó chun maolú orthu.

De réir Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar mholadh comhpháirteach a thíolaic an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn, Ballstáit Mhuir Bhailt ('BALTFISH'), i mí Dheireadh Fómhair 2021.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tháinig Ballstáit Mhuir Bhailt ar chomhaontú maidir le bearta teicniúla sonracha chun gabhálacha trosc de thaisme in iascaigh ghrinnill a dhíríonn ar éisc leathógacha a laghdú a mhéid is féidir mar gheall ar staid neamhchinnte stoc trosc i Muir Bhailt[4],[5]. Thíolaic cathaoirleach an ghrúpa réigiúnaigh (an Laitvia) moladh comhpháirteach an 26 Deireadh Fómhair 2021 ina moltar liosta d'fheistí nua iascaireachta chun gabhálacha trosc de thaisme a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid leis na trealaimh bhonnlíne. Is é an aidhm atá ann iascach leanúnach tráil grinnill a cheadú agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh gabhálacha trosc de thaisme a íoslaghdú.

Chuir BALTFISH an moladh comhpháirteach sin faoi bhráid Chomhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt (BSAC) an 14 Meán Fómhair 2021 le haghaidh comhairliúcháin. An 27 Meán Fómhair 2021, thug BSAC freagra trí réamhbharúlacha a sholáthar agus trí iarraidh ar BALTFISH teacht chuig cruinniú teicniúil comhpháirteach chun an dréachtmholadh comhpháirteach a chur i láthair agus a phlé ar an leibhéal teicniúil. Tháinig BSAC agus

1 IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

2 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

3 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

4 https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2021/2021/cod.27.24-32.pdf

5 https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2021/2021/cod.27.22-24.pdf

BALTFISH le chéile an 5 Deireadh Fómhair 2021 chun mionsonraí teicniúla, paraiméadair roghnaíochta trealaimh agus saincheisteanna ábhartha eile an mholta chomhpháirtigh a phlé.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Iascach agus Dobharshaothrú an 14 Meán Fómhair 2022 ag cruinniú ar fhreastail ionadaithe Pharlaimint na hEorpa air mar bhreathnóirí.

Rinne CETEI measúnú ar an moladh comhpháirteach le linn an tseisiúin iomlánaigh an 15-19 Samhain 2021 (PLEN 21-03) agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saintréithe roghnaíochta gach trealaimh atá beartaithe coibhéiseach ar a laghad leis na trealaimh bhonnlíne agus go laghdófar gabhálacha faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe i gcomparáid leis na trealaimh bhonnlíne atá ann faoi láthair.

Ar bhonn moladh comhpháirteach a thíolaic na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar threalamh iascaireachta malartach eile a chur leis na trealaimh a bhunaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo, ar trealamh é lena gcuirtear laghdú 55 % ar a laghad ar ghabhálacha trosc de thaisme i gcomparáid leis na trealaimh bhonnlíne.

Ba cheart meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht laghdaithe foghabhála na dtrealamh molta toisc go mbíonn sí ag brath ar struchtúr faid an lín trosc. Dá bhrí sin, ón 3ú bliain de chur i bhfeidhm na mbeart sin measfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le Ballstáit BALTFISH, an bhfuil tionchar ag struchtúr faid an lín trosc ar éifeachtúlacht laghdaithe foghabhála na dtrealamh nua.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

**Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Is é an phríomhghníomhaíocht dhlíthiúil athruithe ar na forálacha atá ann faoi láthair a ghlacadh, forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Go háirithe, thabharfaí isteach leis na forálacha a glacadh roinnt feistí roghnaíochta chun gabhálacha trosc de thaisme san iascach grinnill i Muir Bhailt a laghdú.

**Bunús dlí**

Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241. Is é is aidhm do na tograí sna moltaí comhpháirteacha Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.10.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha chun foghabhálacha trosc i Muir Bhailt a laghdú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le bearta teicniúla do Mhuir Bhailt.

(2) Tá leas díreach bainistíochta iascaigh i Muir Bhailt ag an Danmhairg, ag an nGearmáin, ag an Eastóin, ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an bPolainn, ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn (‘na Ballstáit lena mbaineann’). An 26 Deireadh Fómhair 2021, chuir na Ballstáit lena mbaineann moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2019/1241, lena moltar go nglacfaí gníomh tarmligthe chun feistí roghnaíochta nua a chur le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(3) Moltar sa mholadh comhpháirteach bearta teicniúla sonracha chun stoic trosc Mhuir Bhailt a chosaint, bearta a ídítear go mór de réir mheasúnú bliantúil na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (‘ICES’)[3,4], lena n-áirítear maolú ar na mogallmhéideanna a cheadaítear faoi láthair. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag mogallmhéideanna a mholtar sa Rialachán seo ach amháin i bhforanna 22-26 ICES maidir leis an iascach grinnill i gcás ina bhfuil toirmeasc ar iascach dírithe ar throisc.

(4) D’aontaigh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás ina bhfuil toirmeasc ar iascach dírithe ar throisc, gur gá gabhálacha trosc de thaisme a laghdú 55 % ar a laghad agus

---

[1] IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2021/2021/cod.27.24-32.pdf

[4] https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2021/2021/cod.27.22-24.pdf

iascaireacht á déanamh ar éisc leathógacha i bpríomhlimistéar dáileacháin throisc Mhuir Bhailt (foranna 22-26 ICES), d'fhonn meath breise ar na stoic sin a sheachaint.

(5) I gcás fhoranna 22 go 26 ICES, moltar sa mholadh comhpháirteach go n-úsáidfí feiste roghnaíochta Roofless atá le cur leis na trealaimh bhonnlíne, soc-fhoirceann T90 modhnaithe (ag a bhfuil mogallmhéid 125 mm ar a laghad agus ina dtreisítear leis na dlúthchiumhaiseanna le téada imill), nó soc-fhoirceann mogaill chearnógaigh (atá comhdhéanta de dhá phainéal agus ina bhfuil mogallmhéid íosta 125 mm ar a laghad).

(6) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ('CETEI') measúnú ar an bhfeiste Roofless i mí na Samhna 2021 agus chinn sé[5] go mbíonn an éifeachtúlacht laghdaithe trosc níos airde ná 75 % nuair a úsáidtear an fheiste Roofless in éineacht leis an soc-fhoirceann T90 modhnaithe nó le soc-fhoirceann mogaill chearnógaigh. Nuair a chomhcheanglaítear í leis na trealaimh bhonnlíne, tá an éifeachtúlacht laghdaithe gabhála os cionn 70 %. De réir CETEI, scaoileann an fheiste Roofless formhór na dtrosc, gan beann ar a méid. I bhfianaise na fianaise maidir le stádas an stoic, tá sé ríthábhachtach básmhaireacht trosc aonair a laghdú chun tacú lena dtéarnamh.

(7) I gcás fhoranna 24 go 26 ICES, moltar sa mholadh comhpháirteach, sa bhreis ar an trealamh agus na teaglamaí feistí thuasluaite, go bhféadfaí an soc-fhoirceann T90 modhnaithe a úsáid as féin. Tháinig CETEI ar an gconclúid, ar mhaithe le feidhmíocht optamach, gur cheart an soc-fhoirceann T90 modhnaithe a úsáid in éineacht leis an bhfeiste roghnaíochta Roofless. Mar sin féin, fiú ar a chonlán féin, déanann an T90 modhnaithe gabhálacha trosc de thaisme a laghdú 56 % ar an meán.

(8) A mhéid a bhaineann leis an soc-fhoirceann mogaill chearnógaigh, ní mholtar sa mholadh comhpháirteach é a úsáid gan an fheiste Roofless toisc nach gcomhlíonann sé riamh an sprioc riachtanach maidir le foghabhálacha a laghdú 55 % ar a laghad.

(9) Ar an iomlán, tháinig CETEI ar an gconclúid go bhfuil na trealaimh agus na teaglamaí a mholtar sa mholadh comhpháirteach coibhéiseach ar a laghad, ó thaobh patrúin saothraithe de, leis na trealaimh bhonnlíne agus go laghdófar gabhálacha faoi bhun íosmhéid tagartha caomhnaithe i gcomparáid leis na trealaimh bhonnlíne mar a cheanglaítear le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1241. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú chun na trealaimh agus na teaglamaí sin a áireamh.

(10) Mhaígh CETEI freisin go bhfuil nasc idir an sprioc atá beartaithe foghabhálacha cainníochtúla a laghdú 55 % agus struchtúr méide na líonta trosc agus go bhféadfadh sé go mbeadh tuilleadh coigeartuithe ag teastáil ina leith. Moladh sa mholadh comhpháirteach go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar na bearta ón 3ú bliain ina gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm chun a mheas an bhfuil na paraiméadair roghnaíochta oiriúnach dá bhfeidhm. Chun bailiú sonraí a éascú i ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar gabhálacha a dhéantar leis na trealaimh sin a thaifeadadh ar leithligh.

(11) Comhlánaítear an Rialachán seo le Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/XXX lena leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe maidir le feistí roghnaíochta chun gabhálacha trosc de thaisme i Muir Bhailt a laghdú.

(12) Ionas go mbeidh dóthain ama chun soithí a fheistiú leis na feistí roghnaíochta nua, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 90 lá tar éis a fhoilsithe,

---

5 https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/14840948/STECF+PLEN+21-03.pdf/0909ec89-4bf6-4eeb-bb94-e2cf5a19bc92

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta 90 lá tar éis a fhoilsithe*]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.10.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*